

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS na Dúnaibh

An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: downingfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/downingfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA DÚNAIBH

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh.10
Feabhra 2023

<https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs>



CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair ar shainaithint a dhéanamh ar an Scéim is Fearr do na Dúnaibh i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha roimh Lá Eolais don Phobal molta. Bhuail an Fhoireann Tionscadail le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha fosta a mbeidh tionchar ag an scéim orthu. Déanfaidh sé seo eolas don Rogha Is Fearr Scéime a chuirfear i láthair ar an Lá Eolais don Phobal.

Is cosaintí láidre, bearta bainistithe creimithe agus uasghrádú ar thóchair na bearta a bhfuil machnamh á dhéanamh orthu leis an rogha is fearr a dhéanamh. Tá machnamh á dhéanamh ag an Fhoireann Tionscadail maidir leis an Rogha Is Fearr agus dearadh le haghaidh tionchair athruithe aeráide anois nó iad a sholáthar amach anseo agus an Scéim á cur in oiriúint de réir mar a thagann tionchair athruithe aeráide chun cinn.

IMSCRÚDÚ TALAIMH

Tá sonraíocht forbartha ag an Fhoireann Tionscadail agus tá tairiscint phoiblí eisithe maidir le Fiosrú Talaimh a sholáthar a thacóidh le dearadh imlíne (Pleanáil) na scéime. I ndiaidh próiseas tairsceana, bronnadh conradh Imscrúdú Talaimh ar Northwest Geotech. Tá an tImscrúdú Talaimh le tosú agus deireadh Mhí an Mhárta/tús Mhí Aibreáin 2023.

LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Déanfaidh an Fhoireann Tionscadail Lá Eolais don Phobal a reáchtáil chomh luath agus a bheidh sainaitheint déanta ar an FRS is Fearr do na Dúnaibh. Tá se de chuspóir ag an Lá Eolais don Phobal ná a chur in iúl duit cén dóigh ar úsáideadh an t-eolas a chuir tú ar fáil sa Chomhairliúchán Poiblí Tosaigh (9ú Samhain 2021- 21ú Nollaig 2021) leis an Scéim is Fearr a shainmhíniú. Déanfar seo a reáchtáil i mí Aibreáin 2023.

MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Folaíonn na suirbhéanna timpeallachta bonnlíne a rinneadh go dtí seo éanlaith a gheimhríonn anseo, suirbhéanna gnáthóg, suirbhéanna iascaigh, speicis faoi chosaint chomh maith le suirbhéanna deascbhunaithe le srianta a shainaithint. Féadann sainsuirbhéanna breise a bheith de dhíth leis an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh a mheas agus le seasmhacht leithead na measúnaithe ar chomhshaol a chinntiú nuair a bheidh sin cinnte. Tá an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ag fanacht le deimhniú ar an Rogha Is Fearr sula gcuirfear tús leis na príomhthascanna.

BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCEIM

| | Gníomhaíocht | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 |
|--------|---------------------------------|------|------|------|------|------|------|------|
| Céim 1 | Bailiú Sonraí agus suirbhéanna | ■ | | | | | | |
| | Anailís Hidreolaíochta | | ■ | | | | | |
| | Anailís Hiodrálach | | ■ | | | | | |
| | Anailís agus forbairt na Scéime | | | ■ | ■ | | | |
| Céim 2 | Pleanáil | | | | ■ | | | |
| Céim 3 | Dearadh mionsonraithe na Scéime | | | | | ■ | | |
| Céim 4 | Oibreacha tógála | | | | | | ■ | |
| Céim 5 | An Scéim á hOibriú | | | | | | | ■ |

Tugtar na hamscálaí measta is fearr don am i láthair ach féadtar iad a leasú. Cuireadh thart faoi cúig (5) mhí le Clár Chéim I mar gheall ar an dianmhachnamh leanúnach leis an Chaighdeán Cosanta a shainaithint (maidir le tionchair athruithe aeráide), agus mar sin, an Scéim is Fearr chuí do Na Dúnaimh. Chuir sé seo cos car thús luath leis na gníomhaíochta measúnachta timpeallachta atá de dhíth le Céim I a chur i gcrích.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Anailís Hidreolaíoch agus Hiodrálach: Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS ag críochnú anailís hiodrálach.

Anailís agus Forbairt Scéime: Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a shainaithint.

Measúnacht Timpeallachta: Nuair a fhuasclófar an rogha is fearr agus Caighdeán Cosanta, déanfar Scagadh don Mheasúnú Oiriúnach, Scagadh EIA agus forbrófar Ráiteas Tionchair Natura.

Lá Eolais don Phobal: Tá sé i gceist lá eolais don phobal a reáchtáil i mí Aibreáin 2023 chun an Scéim is Fearr a chur i láthair agus bhur mbarúlacha a chloisteáil.

Iarratas Pleanála: I ndiaidh comhairliúchán poiblí luath i mbliana, déanfar an cháipéisíocht don scéim a réiteach agus a chur isteach don phleanáil in 2023. Beidh comhairliúchán poiblí reachtúil eile ann mar chuid den phróiseas pleanála foirmiúil.